www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**
**General Certificate of Education**
**2016**

# Irish

## Assessment Unit AS 2

## (Section A)

*assessing*

## Listening

**[AI121]**

**MONDAY 13 JUNE, MORNING**

# TRANSCRIPT

**GCE Recording Instructions**

□ Indicates track break

Each piece heard once only

www.xtrapapers.com

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Education, Summer 2016
Irish, Assessment Unit 2
Advanced Subsidiary,
Listening

Read each question carefully. Listen to the recording and write your answer in the space provided.

Make sure that you have clearly understood the instructions given on the front page of the question paper before you begin the examination.

Question 1

*Mícheál:* Bhuel, a Shíle, ní fhaca mé thú le cúpla mí anuas. Cad é mar a d'éirigh leat sna scrúduithe AS?

*Síle:* Go hiontach maith, a Mhíchíl. D'éirigh liom dhá ghrád A agus grád B amháin a fháil. Fuair mé grád A sa Ghaeilge, ar ndóigh, agus bhí mé breá sásta leis sin. Fuair mé grád A sa Spáinnis agus grád B sa Drámaíocht. Bhí díomá orm leis an Drámaíocht. Shíl mé go mb'fhéidir go bhfaighinn grád A, ach, faraor, ní bhfuair. Cad é mar a d'éirigh leat féin?

*Mícheál:* D'éirigh go measartha maith liom. Fuair mé B sa Ghaeilge, B sa Mhata agus D san Fhisic. Caithfidh mé a rá go bhfuil an eolaíocht iontach deacair agus dá mbeadh sé le déanamh agam arís, roghnóinn an Fhraincis nó an Spáinnis in áit na heolaíochta. Tá fuath agam uirthi.

*Síle:* Cad é atá tú ag dul a chur síos ar na foirmeacha UCAS agus CAO nuair a rachaimid ar ais?

*Mícheál:* Is cinnte go gcuirfidh mé an Ghaeilge síos mar chéad rogha. Tuigim anois go bhfuil mo chroí istigh sa Ghaeilge agus gur mór an trua é nach ndeachaigh mé chun na Gaeltachta sa samhradh.

*Síle:* Cad chuige nach ndeachaigh tú, a Mhíchíl? Bhí mé féin agus mo leathchúpla, Máire ann, agus bhí am ar dóigh againn. Tá mé ag insint duit gur fhoghlaim mé cuid mhaith rudaí a rachaidh chun sochair dom don A2.

www.xtrapapers.com

| | |
|---|---|
| *Mícheál:* | Bhí mé ag iarraidh dul ann ach bhí mé gafa ag an phost pháirtaimseartha sa bheár. D'iarr mé cead ar an bhainisteoir ach dhiúltaigh sé glan dom. Ní duine garach ar chor ar bith é. Mura mbeadh an t-airgead de dhíth orm d'éireoinn as ar maidin. An bhfuil tú féin ag smaoineamh ar an Ghaeilge a dhéanamh go fóill? |
| *Síle:* | Nach cinnte go bhfuil! Tá mé ag smaoineamh ar dhul go Baile Átha Cliath le céim a bhaint amach sa Ghaeilge. Is as Baile Átha Cliath mo mháthair agus deir sí go dtiocfadh léi lóistín a shocrú dom le duine muinteartha léi. Cad fútsa? |
| *Mícheál:* | Sílim go bhfanfaidh mé sna sé chontae agus go rachaidh mé go Béal Feirste. Cluinim go bhfuil an saol sóisialta thar barr agus beidh deis agam post páirtaimseartha eile a fháil. Cad é mar atá an clár ama don ardleibhéal i mbliana? |
| *Síle:* | Tá sé measartha lán. Beidh an Ghaeilge againn gach lá seachas an Déardaoin agus tá neart rudaí seach-churaclaim ann fosta. Ach, ar ndóigh, is é an rud is tábhachtaí go mbeidh an Damhsa Gléasta ann i mí na Samhna. |
| *Mícheál:* | An bhfuil socrú ar bith déanta agat maidir leis sin, a Shíle? |
| *Síle:* | Níl go fóill. |
| *Mícheál:* | Ar mhaith leat bheith liom an oíche sin? |
| *Síle:* | Nach cinnte gur mhaith! Go raibh míle maith agat, a Mhíchíl. |

www.xtrapapers.com

Question 2

Cheannaigh Máire Uí Cheallaigh as Cill Dara capall óg óna comharsa cúpla bliain ó shin. Is cosúil nach raibh a comharsa ábalta aire a thabhairt don chapall níos mó. Níor dhíol Máire ach cúig euro ar an chapall. Bhí an capall, a bhí bliain go leith d'aois an t-am sin, go dona tinn agus bhí ar Mháire aire mhaith a thabhairt dó agus cóir leighis a chur air go dtí go raibh sé ar ais ar a sheanléim. Thug Máire an t-ainm 'Maith Thú' ar an chapall agus tá an capall céanna i mbéal an phobail anois de bhrí gur fiú na mílte punt é.

Dúirt Máire go raibh an capall iontach faiteach agus neirbhíseach léi ag an tús. Thug Máire aire mhaith don chapall ar feadh sé mhí dhéag sula raibh sé ar ais ar a sheanléim. Thit Pól, mac le Máire, i ngrá leis an chapall láithreach nuair a thug a mháthair abhaile chuig an stábla é. Bhí an-suim ag Pól sa rásaíocht capall agus chuir sé oiliúint ar an chapall.

Bóthar mór fada a bhí ann an capall a chur ar bharr a shláinte arís. Is duine cineálta foighneach í Máire le capaill agus chuidigh an tréidlia áitiúil go mór léi. Chuir an tréidlia comhairle ar Mháire an capall a ní agus a ghlanadh gach lá agus gairleog a thabhairt dó le hithe agus is cosúil gur éirigh leis an chomhairle sin.

Síleann Máire go bhfuil moladh mór tuillte ag a mac, Pól, agus gurbh eisean is mó a chonaic cé chomh láidir is a bhí an capall ón tús. Chaith seisean na huaireanta fada ag siúl leis an chapall agus á scuabadh ó bhun go barr. Anois tá an capall ábalta bheith páirteach i gcomórtais rásaíochta agus tá ag éirí go maith leis. Beidh an capall páirteach i gcomórtas idirnáisiúnta sa Bheilg i mí Mheán Fómhair. Go n-éirí leis!

Arna chóiriú as Suíomh Idirlín BBC, 4 Meán Fómhair 2014.

This is the end of the recording.